GAELSCOIL NAOMH PÁDRAIG

Ócáidí Speisialta 2016:

- **Scoil Glas:** Comórtas Maisiúcháin Athchúrsáilithe
- Gradam Digiteach 2016
- Rith Dhaidí na Nollag 2016
- Imeachtaí Scoile
- Seirbhís Charúil na Nollag 2016
- Dátai thábhachtacha: 2017
- Ionchur na dTuismitheoirí
- Comhartha Nua Scoile
- Aifreann na Nollag @ 8/12.

An Coiste Ghlas 2016/17

An Séú Bhrat Ghlas 2016/17: Tá an scoil ar an mbóthar anois ag iarraidh an séú bhrat a bhaint amach. 'Sé téama an 6ú bhrat ná 'Saorántacht Domhanda' (Global Citizenship).

Comórtas Maisiucháin Athchúrsáilithe 2016:

Dea scéala eile maidir le cúrsaí glasa sa scoil. Caithfear ard-mholadh a thabhairt do na daltaí ar fad sa scoil a chuir píosaí ealaíne le chéile déanta as ábhair athchúrsáilithe. Bhí an caighdeán do-chreidthe. D'éirigh le triúr duais a bhuachaint sa chomórtas oifigiúil in oifigigh Chomhairle Chontae Átha Chliath Theas. Comhghairdeachas le Molly Ní Cholmáin (R3 Hannah), Eimhín Breathnach & Cathy Ní Choscaire (R5 Bríd). Tá an t-ádh linn go bhfuil Múinteoir Redempta chomh paiseanta faoi cúrsaí glasa sa scoil. Is de bharr seo go spreagtar agus go ngríostar na daltaí ar fad a bheith gníomhach agus aireach faoi cúrsaí glasa. Míle buíochas leat Redempta! Ta griangraif de thaispeántais saothar na ndaltaí le feiceáil ar dheis:

DÁMH NA SCOILEANNA DIGITEACH LE GRADAM



TURAS GO DTÍ AN LEABHARLANN AR AN 30 SAMHAIN 2016

DÁMH NA SCOILEANNA DIGITEACH LE GRADAM

D'ÉIRIGH LINN AN GRADAM SEO A BHAINT AMACH I 2016. TUGADH AITHEANTAS DON SCOIL DE BHARR AN LEAS A BHAINTEAR AS ÚSÁID NA TEICNEOLAÍOCHTA MAR UIRLIS OIDEACHAIS. BUÍOCHAS AR LEITH DON FHOIREANN UILIG, MÚINTEOIR SÍLE & CARMEL ACH GO HÁIRITHE. TA SÍLE AG FEIDHMIÚ MAR CHOMHORDAITHEOIR AR CÚRSAÍ THEICNEOLAÍOCHTA SA SCOIL. RINNE CARMEL AN T-UAFÁS AG IARRAIDH AN TEICNEOLAÍOCHT A FHORBAIRT SA SCOIL NUAIR A BHÍ SÍ AG FEIDHMIÚ MAR P.O.

TURAS GO DTÍ AN LEABHARLANN AR AN 30 SAMHAIN 2016 RANG 3 - DÓNAL:

Bíonn ceardlainn éagsúla ar siúl sa leabharlann áitiúil i rith na bliana. Is deis iontach é seo chun nasc a dhéanamh idir an scoil agus seirbhís iontach atá ar fáil sa chomhphobal áitiúil. Agus an rud is fearr ná go mbíonn formhór de na ceardlainn saor in aisce!!

Iarradh ar na páistí aon ábhar athchursáilithe a bhí sa bhaile a thógáil leo ar an lá. Earraí ar nós cartán uibheacha, cartán bainne, páipéar, cairtchláir agus araile. Bhaineadar an-taitneamh as. Seo roinnt griangraif dóibh agus iad i mbun a gcuid oibre chruthaitheach.....

IMEACHTAÍ SCOILE

Rith Dhaidí na Nollag:

D'éirigh go hiontach le Rith Dhaidí na Nollag ar 19 Nollag. D'éirigh linn €1623 a bhailiú ar son na carthanachta *Team Elizabeth*. Bailíodh an t-airgead seo idir Rith Dhaidí na Nollag agus bailiúcháin ón bhfoireann uilig atá ag obair i nGSNP. Caithfear buíochas a ghabháil le Múinteoir **Sinéad Ní hUallacháin** a d'eagraigh gach rud don lá fhéin! Buíochas leis na múinteoirí a d'eagraigh an bailiúcháin foirne chomh maith!

GRIANGRAIFEANNA:

- **BARR AR CHLÉ:** CUAIRT DHAIDÍ NA NOLLAG @ 22 NOLLAIG I NDIAIDH DÓ TUIRLINGT ÓN INNEALL DÓITEÁN
- **BARR AR DHEIS:** RANGANNA ROTHAÍOCHTA DO R5 & R6. DEIS IONTACH DO NA DALTAÍ...
- **BUN AR DHEIS:** SIÚLÓID NA GCAILLEACH @ 28 SAMHAIN. DALTAÍ, TUISTÍ AGUS MÚINTEOIRÍ AR A MBEALACH GO PHÁIRC AN GHRIFÍN DON SIÚLÓID...

Seirbhís Charúil na Nollag:

Bhí 4 sheirbhís ar siúl sa scoil i mbliana. Bhí dhá sheirbhís ar siúl ar Dé Máirt 20/12 agus dhá sheirbhís eile ar Dé Céadaoin 21/12. D'éirigh go h-an mhaith leis na seirbhísí. Bhí na daltaí réitithe agus ullmhaithe go maith ag na múinteoirí. Bhíodar an-bhéasach agus múinte. Chanadar go léir amach os ard. Ba phribhléid é a bheith i láthair ag éisteacht le daoine óga ag meabhrú dúinn faoin fíor-mhíniú atá i gceist le scéal na Nollag. Caithfear buíochas ar leith a ghabháil le **Redempta agus Eimear** ach go háirithe. Chuireadar an méid sin ama agus ionchur isteach ionas go mbeadh gach rud in ord agus in eagar. Buíochas le **Pauline (rúnaí), John ár feighlí & Múinteoir Edel** chomh maith. Focail speisialta don ceolfhoireann a rinne jab iontach ag na seirbhísí ar Dé Céadaoin. Táimid an-bhuíoch as ionchur na múinteoirí ceoil **Adrian, Avril agus Rachel** ach go háirithe...

Dátaí Thábhachtacha don bhliain 2017

- **Ath-oscailt na Scoile:** Dé Luain 09/01/17
- **Lá inseirbhíse (Scoil Dúnta):** Beidh an scoil dúnta ar an Déardaoin 19 Eanáir 2017.
- **Briseadh Meán Téarma:** Scoil dúnta ar Déardaoin agus Aoine 23 & 24 Feabhra 2017.
- **Lá Fhéile Pádraig:** Dé hAoine 17 Márta 2017
- **Saoire na Cásca 2017:** Scoil ag dúnadh @ 12:00 @ Dé hAoine 7 Aibreán 2017. Ath-oscailt na scoile ar Dé Luain 24 Aibreán 2017.
- **Seirbhís an tSolais:** 7/02/17 (Máirt @ 12:00)
- **Cóineartú:** 16/02/17 (Déardaoin @ 11:30r.n.)
- **An Chéad Fhaoistin:** Dé Céadaoin 22/03/17 @ 12:00
- **An Chéad Chomaoineach Naofa:** Dé Sathairn 13/05/17 @ 11:00

Griangraifeanna: Seo cuid de na cácaí álainn ealaíonta déanta ag tuismitheoirí áirithe sa scoil do chrannchur na Samhna & Crannchur na Nollag

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Ár mbuíochas ó chroí leis na tuismitheoirí ar fad i nGaelscoil Naomh Pádraig a thacaigh leis an scoil go dtí seo i mbliana!

Buíochas mór le gach tuismitheoir a chabhraigh ar aon bhealach i rith na bliana.

Cumann na dTuismitheoirí

Tá Cumann na dTuismitheoirí an-ghníomhach agus gnóthach againn i nGSNP. Bíonn siad ag lorg baill nua an t-am ar fad. Tá lán fáilte romhat teacht go ceann de na cruinnithe nó cúnamh a thabhairt ar aon bhealach gur féidir. Ba mhaith liom comhghairdeachas agus fáilte a chur roimh Lorraine Uí Mhaolalaigh atá ag feidhmiú mar chathaoirleach faoi láthair. Tá post iontach á dhéanamh aici cheana féin!

Caithfear buíochas ollmhór a ghabháil le Lynda Uí Fhiaich agus na baill eile a rinne an t-uafás ar son na scoile. Seo a leanas cuid de na h-imeachtaí agus ócáidí a d'eagraíodar i mbliana:

- na feachtais málaí ar scoil (bags2school campaign) a eagrú
- Margadh Císte 28/10/16
- Maidin & tráthnóna caifé do thuismitheoirí
- Crannchur na Nollag
- Cuairt Dhaidí na Nollag le bronntanas do gach dalta
- Cártaí Nollaig na bpáistí
- Comhartha nua don scoil (rannpháirteach)
- Sonraí theangmhála do thuistí nua

D'éirigh thar cinn leis an gcrannchur an tseachtain seo caite. Bailíodh €2350! Táimíd fíor-bhuíoch as flaithiúlacht gach éinne a chabhraigh. Rinne na baill post iontach ó thaobh an t-uafás duaiseanna iontacha a chur ar fáil don chrannchur. Déanfaimíd ár ndícheall an t-airgead seo a chur i dtreo gnéithe ar leith atá fiúntach do na daltaí & don scoil.

Aifreann na Nollag @ 8/12/16

Focail ar leith don **Athair Pat Rogers** a tháinig ar cuairt chun na scoile chun Aifreann na Nollag ar an 8/12 a cheiliúradh linn. Buíochas mór leat a Athair as ucht do chuid ama. Beidh an tAthair Pat linn arís do:
Seirbhís an tSolais, Cóineartú & An Chéad Chomaoineach Naofa. Ní bheidh sé linn don Chéad Fhaoistin.

Comhartha nua don Scoil

Beidh Comhartha nua againn don scoil go luath le cúnamh Dé. Seo thuas an tsaghas cuma a bheas air. Gan amhras, beidh teideal na scoile ar dheis an suaitheantas. Beidh an comhartha le feiceáil taobh thiar de ráillí na scoile ag an gcúinne. Beidh sé feiceálach ón mbóthar ansin do chuairteoirí.

Ciseán ealaíonta

.....cruthaithe ag **Dónal Ó Broin** (R6 Sinéad), dalta na scoile faoi stiúr **Múinteoir Máirtín**. Rinne Dónal post chomh maith sin go ndearnadh sé ceann eile a bhí níos mó arís agus a úsáideadh don chéad duais sa chrannchur. Bua na healaíona agat gan dabht!!

Nollaig Shona agus athbhliain faoi mhaise 'is faoi shéan don chomhphobal scoile uilig!!